**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 12 Nollaig 2024 (iarraidh ar réamhrialú ón Înalta Curte de Casaţie şi Justiţie – an Rómáin) – United Media Services SRL v Consiliul Concurenţei**

**(Cás C-149/24, United Media Services)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Freagra a fhéadfar a bhaint go soiléir as an gcásdlí – Airteagal 4(3) CAE – Neamhspleáchas nós imeachta – Prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta – Deimhneacht dhlíthiúil – An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil – Cinneadh críochnaitheach cúirte nó binse náisiúnta a fuarthas a bheith ar neamhréir le breithiúnas na Cúirte ina dhiaidh sin – Cinneadh ó Chúirt Bhunreachtúil a chinneann go bhfuil foráil den dlí náisiúnta a tugadh breithiúnas ar a bonn ar neamhréir le bunreacht an Bhallstáit lena mbaineann – Iarratas ar athbhreithniú bhreithiúnas – Tréimhsí teorann éagsúla)***

(C/2025/702)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Înalta Curte de Casaţie şi Justiţie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* United Media Services SRL

*Cosantóir:* Consiliul Concurenţei

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 4(3) CAE, arna léamh i bhfianaise phrionsabail na coibhéise, na héifeachtúlachta agus na deimhneachta dlíthiúla, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta faoinar gá iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú bhreithiúnacha ar chinneadh breithiúnach críochnaitheach maidir le sárú ar dhlí an Aontais laistigh de mhí tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh sin, ach féadfar iarratas ar athbhreithniú bhreithiúnacha ina líomhnaítear gur glacadh an cinneadh breithiúnach críochnaitheach atá i gceist ar bhonn forála náisiúnta a dearbhaíodh ina dhiaidh sin a bheith míbhunreachtúil le cinneadh ó Chúirt Bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh laistigh de thrí mhí ón dáta a fhoilsítear an chinneadh sin in Iris Oifigiúil an Bhallstáit sin, ar choinníoll go dtagann iarmhairtí sonracha chinneadh na míbhunreachtúlachta sin go díreach ó chinneadh na Cúirte Bunreachtúla.

([1]) Dáta an taiscthe: 26 Feabhra 2024